# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

## GAEILGE - ARDLEIBHÉAL

### SCÉIM MHARCÁLA

**Treoracha Ginearálta**

1 Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3 Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte

# PÁIPÉAR 1 (S7)

**(100 marc)**

| **ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA** | **[70 marc]** |
|---|---|

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos **(50 marc)**

**(Ní gá dul thar leathanach go leith i do fhreagra.)**

Ábhar 10 marc. Gaeilge . 40 marc 10 + 40 = 50

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in A, B, C agus D

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(20 marc)**

Ábhar 4 mharc. Gaeilge 16 mharc 4 + 16 = 20

An dáileadh céanna marcanna sa dá rogha, A agus B.

**Nóta.** I gcás an dá cheist i **Roinn I** bheifí ag súil le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus do chumas sa Ghaeilge

| **ROINN II - LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH)** | **[30 marc]** |
|---|---|

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar alt in *Mahogany Gaspipe*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis *[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

Tá cúig cheist, (i) - (v), le freagairt.

Tá na ceisteanna ar fad ar cómharc 6 mharc x 5 = 30 marc

Tá dhá bhlúire eolais á lorg i ngach ceist: (3 + 3) x 5 = 30 marc.

I gcás (ii) (a) agus (iii) (a), 2 + 1 an dáileadh cóir.

**N.B.** Is féidir uasmhéid 3 mharc a bhaint den iomlán ag deireadh i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga.

# PÁIPÉAR II (S8)

**(120 marc)**

| ROINN I - PRÓS LITEARTHA | [30 marc] |
|---|---|

**Ceist 1.** Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B** Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó B.**

[ *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.* ]

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad. )**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar comharc

Tuisicint: 4 mharc x 3 = 12 Gaeilge : 3 mharc (4 x 3) + 3 = 15

**Ceist 2.** Freagair **A nó B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A (i) agus B (i)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Teideal an tsaothair | = | 1 mharc | |
| Ainm an údair | = | 1 mharc | 2 mharc |

**A (ii) agus B (ii)**

Ábhar : 5 mharc; Gaeilge 8 marc

**A nó B** . 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc

| ROINN II – FILÍOCHT | [30 marc] |
|---|---|

**Ceist 1.** Léigh an dhá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B** Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó B.**

[ *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat* ]

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad. )**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar comharc

Tuisicint 4 mharc x 3 = 12. Gaeilge 3 mharc. (4 x 3) + 3 = 15

**Ceist 2.** Freagair **A nó B** anseo **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A (I) agus B (I)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Teideal an dáin | = | 1 mharc | |
| Ainm an fhile | = | 1 mharc | 2 mharc |

**A (II) agus B (II)**

Ábhar · 5 mharc; Gaeilge 8 marc

**A nó B** : 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc

## ROINN III - LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]

Freagair do rogha trí cinn de **A, B, C, D** anseo **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

[ *I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat* ]

Ní mór tabhairt faoi trí cinn de na giotaí, **A - D** Tá siad ar cómharc

10 marc x 3 = 30 marc.

**A, B** agus **C** 5 + 5.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **D** | (2) | = | turais; | (3) | = | sa, | (4) | = | líofa, |
| | (5) | = | siúlta, | (6) | = | ag, | (7) | = | tuilleadh, |
| | (8) | = | rud; | (9) | = | faoi, | (10) | = | féidir; |
| | (11) | = | ligean. | | | | | | |

1 mharc x 10 = 10 marc

**N.B.** Is féidir uasmhéid 3 mharc a bhaint den iomlán ag deireadh i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga

## ROINN IV - LITIR A SCRÍOBH [30 marc]

Freagair A nó B nó C anseo **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)**

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc.

Ábhar· 13. Gaeilge. 17.

13 + 17 = 30 marc

N.B. Ní mór freastal a bheith déanta ar a bhfuil i gceist sna treoracha scríofa a ghabhann leis na litreacha

1. **Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

| | | |
|---|---|---|
| Seoladh· | 1 mharc | 3 mharc |
| Beannú. | 1 mharc | |
| Críoch· | 1 mharc | |

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin.

3.

| | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| Na cúig thasc comhlíonta | Marcáil as 10 | Marcáil as 17 |
| ceithre thasc comhlíonta | Marcáil as 8 | Marcáil as 15 |
| trí thasc comhlíonta | Marcáil as 6 | Marcáil as 13 |
| dhá thasc comhlíonta | Marcáil as 4 | Marcáil as 11 |
| tasc amháin comhlíonta | Marcáil as 2 | Marcáil as 9 |

4. Litreacha neamhfhoirmeálta is ea A agus C [**N.B.** Beannú, Críoch]
Litir fhoirmeálta is ea B [**N.B.** Beannú, Críoch]

**CLUASTUISCINT (S7A)**

**N.B. Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge. (100 marc)**

**Cuid A** (27 marc)

Naoi gceist, trí mharc an ceann

3 x 9 = 27

**Cuid B** (27 marc)

Naoi gceist, trí mharc an ceann

3 x 9 = 27

**Cuid C** (27 marc)

Naoi gceist, trí mharc an ceann (Tá cothrom dhá cheist i gC 1. ar Chomhrá 3 )

3 x 9 = 27

**Cuid D** (19 mharc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Píosa a hAon: | 3 + 3 | = | 6 |
| Píosa a Dó | 3 + 3 | = | 6 |
| Píosa a Trí. | 3 + 4 | = | 7 |

6 + 6 + 7 = 19

---

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, etc , is féidir uasmhéid 5 mharc a bhaint den iomlán (as 100 marc) ag deireadh

**GAEILGE**

**TEASTAS SÓISEARACH, ARDLEIBHÉAL, 2001**

**SCÉIM MHARCÁLA: AGUISÍN**

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta i gcás na marcála faofa ag an Roinn ina leith. (Féach, le do thoil, an leathán **Treoracha Breise do Scrúdaitheoirí Cúnta Teanga** a ghabhann leis seo, go háirithe **"Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach"**.)

**Páipéar 1 (S7)**

**Roinn I**

Ceist 1

Gaeilge: 40 marc. 10% (0 – 4 mharc) a chur leis marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir.

10 - 14 : + 1. 15 - 24 : + 2

25 - 34 . + 3 35 - 36 + 4

Ceist 2

Gaeilge: 16 marc

6 - 9 + 1 10 - 14 : + 2

**Roinn II**

Ná baintear aon mharc (as an uasmhéid 3 mharc is féidir a bhaint) "i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga"

**Páipéar II (S8)**

**Roinn I**

Ceist 1

Trí cheist: Tuiscint 4; Gaeilge 1.

Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaíonn marc ar Thuiscint.

Ceist 2

Gaeilge: 8 marc.

2 - 4 : + 1.       5 - 6 : + 2

## Roinn II

Ceist 1

Trí cheist: Tuiscint 4; Gaeilge 1

Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaíonn marc ar Thuiscint.

Ceist 2

Gaeilge: 8 marc.

2 - 4 : + 1.       5 - 6 : + 2

## Roinn III

Ná baintear aon mharc (as an uasmhéid 3 mharc is féidir a bhaint) "i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga."

## Roinn IV

Gaeilge: 17 marc.

4 - 7  + 1.       8 - 11 . + 2

12 - 14 : + 3.

## Cluastuiscint (S7A)

Ná baintear aon mharc d'aon iarrthóir i ngeall ar easpa cruinnis, etc. (Féach an treoir ag deireadh na "Gnáth" Scéime Marcála.)